



# Noel Ó Dúgáin, Clannad

*Nuacht TG4 (Leibhéal B1)*

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi bhás laoch mór ceoil, Noel Ó Dúgáin. Pléigh na ceisteanna seo a leanas leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil cur amach agat ar cheol Chlannad? Má tá, cad a cheapann tú faoi?
2. Cad a cheapann tú faoi cheol traidisiúnta na hÉireann?
3. Cé hiad na ceoltóirí nó na grúpaí is fearr leat? Cén fáth?
4. An bhfuil aon chineál ceoil nach maith leat ar chor ar bith? Cén fáth?
5. Conas a mhothaíonn tú nuair a chloiseann tú an t-amhrán is fearr leat?



**Nuacht TG4**

## B: FOCLÓIR

Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

(tar) chun solais	guitarist
bunaitheoir	clay
den chéad scoth	fame
giotáraí	condolence
clú agus cáil	emerge
cairteacha	soul
cailliúint	loss
comhbhrón	top-class
anam	charts
créafóg	founder

Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo a leanas:

- \_\_\_\_\_ a bhí i Noel Ó Dúgáin.
- Ba mhaith liom \_\_\_\_\_ a dhéanamh le Clann Uí Dhúgáin.
- Tháinig sé \_\_\_\_\_ go bhfuair duine den ghrúpa Clannad bás.
- Tá an \_\_\_\_\_\* i lár agus in oirthear na tíre an-torthúil. (\*Is focal baininsneach é!)
- Is mór an \_\_\_\_\_\* é bás Noel Uí Dhúgáin (\*Is focal baininsneach é!).
- Go ndéana Dia grásta ar a \_\_\_\_\_ uasal.
- Ba dhuine de\* \_\_\_\_\_ an ghrúpa Clannad é. (\*Bí cúramach! Leanann séimhiú **de**.)
- Thuill Clannad \_\_\_\_\_ ar fud an domhain.
- Bhí siad i g\_\_\_\_\_ na Breataine sa bhliain 1982.

### C: TUISCINT

---

Féach ar an mír den chéad uair. Bí ag obair leis an duine in aice leat ansin agus freagraí na ceisteanna seo le chéile.

1. Cad a tháinig chun solais?
2. Cén aois a bhí Noel Ó Dúgáin?
3. Cé hiad na daoine ar fad a bhunaigh an grúpa Clannad ag tús na seachtóidí?
4. Scríobh Clannad teachtaireacht inar luaigh siad trí ghné speisialta faoi Noel. Cad iad?
5. Cad iad cuid de na gradaim a bhuaigh siad?
6. Cén fáth a raibh siad ar *Top of the Pops* agus cén fáth a raibh an ócáid sin stairiúil?
7. Cad a dúirt Mairéad Ní Mhaonaigh faoi dheartháir Noel?

Féachaigí ar an mír arís.

## D: FEASACHT TEANGA

---

### 1: Cruinneas gramadaí (an aimsir chaite)

Féach ar na briathra seo atá san aimsir chaite agus a bhí sa mhír:

Bhí: \_\_\_\_\_  
Fuair: \_\_\_\_\_  
Dúirt: \_\_\_\_\_  
Thuill: \_\_\_\_\_

Scríobh amach an fhoirm cheisteach chomh maith leis na freagraí dearfacha agus diúltacha anois do gach briathar thuas. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

### 2: Cruinneas gramadaí (na haidiachtaí)

Féach ar na haidiachtaí seo a leanas agus ar na deirí éagsúla atá acu:

grámhar                      brónach / aisteach                      suimúil / bródúil

Anois, féach ar na hainmfhocail thíos a bhí sa mhír. Roghnaigh an deireadh cúí (féach na deirí thuas a bhfuil línte fúthu) chun aidiacht a chruthú. Smaoinigh i gcónaí ar an rialail ‘leathan le leathan agus caol le caol’. Mar shampla:

tábhacht:                      (tábhacht)(ach)                      tábhachtach  
brón: \_\_\_\_\_  
cáil: \_\_\_\_\_  
tragóid: \_\_\_\_\_  
ceol: \_\_\_\_\_

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

An bhfuil dlúthchara agat? Cén cineál duine í an duine sin? Déan cur síos do na daoine eile i do ghrúpa ar an gcara is fearr atá agat. Féach ar na ceisteanna thíos agus ar na haidiachtaí sa bhosca chun cuidiú leat. (Tá na ceisteanna seo dírithe ar chailín, ar ndóigh)

Cé as í?

Cá bhfuil sí ina cónaí?

Cad a dhéanann sí nuair a bhíonn am saor aici?

Cén cineál duine í (pearsantacht)?

grámhar	dílis	macánta
cinealta	greannmhar	cliste
leithleach	sotalach	suarach
réchúiseach	cainteach	neirbhíseach
ceannasach	ceandána	flaithiúil

### 2: Scríobh

Beidh breithlá do charad ann i gceann seachtaine agus beidh cóisir mhór acu. Caithfidh tusa píosa cainte a dhéanamh faoi do chara. Scríobh d'óráid anois. Is féidir leat é a bhunú ar an sampla thíos:

*Dia daoibh, a chairde ar fad. Tá mé an-sásta a bheith anseo libh go léir anocht agus breithlá m'anamcharad a cheiliúradh libh. Tá mé féin agus Síle mór le chéile le fada an lá. Is cairde muid ó bhí muid ar an mbunscoil le chéile fadó, fadó. Is duine cineálta, grámhar agus macánta í. Bíonn sí ar fáil i gcónaí dá cairde ar fad nuair a bhíonn deacrachtaí acu. Tá sí chomh greannmhar freisin. Is minic daoine sna trithí gáire aici. Tá sí réchúiseach. Is féidir léi a bheith chomh réchúiseach sin go ndéanann sí dearmad glaoch a chur ort fiú. Ach sin scéal eile. Breithlá sona duit, mo chara dílis! Go maire tú an céad!*

a bheith mór le duine – to be good friends with  
sna trithí gáire – in fits of laughter

# AN SCRIPT

---

### Siún Nic Gearailt

Tá domhan an cheoil go mór faoi bhrón tráthnóna ó tháinig sé chun solais go bhfuil duine de bhunaitheoirí an ghrúpa Clannad, Noel Ó Dúgáin, tar éis bháis. Bhí sé 73 bliain d'aois.

### Áine Ní Ghallchóir

Bhí Noel Ó Dúgáin ina bhall de Chlannad ón tús, ó bunaíodh iad ag tús na seachtóidí. Bhí a chúpla, Pádraig, a fuair bás in 2016, ina bhall den ghrúpa, i gcuideachta Chlann Uí Bhraonáin – Moya, Ciarán agus Pól.

I dteachtaireacht uathu, dúradh go raibh a gcroíthe briste leis an scéala go bhfuair Noel bás. ‘Ár n-uncail grámhar, ár gcara dílis agus duine de bhunaitheoirí Chlannad.’ Dúirt siad go gcoinneofar cuimhne ar Noel go deo as an ghrá<sup>1</sup> don cheol, mar ghiotáraí den chéad scoth agus as a dhílseacht do Chlannad.

Thuill Clannad clú agus cáil ar fud an domhain agus bhain siad gradaim go leor, ina measc *Grammy*, *BAFTA* agus *Ivor Novello*. Bhí siad i gcairteacha singil na Breataine in 1982 leis an amhrán Gaeilge ‘An Téama ó Harry’s Game,’ an chéad uair a cluineadh<sup>2</sup> amhrán Gaeilge ar *Top of the Pops*.

### Mairéad Ní Mhaonaigh, Altan

Mura raibh rudaí tragóideach go leor leis an chailliúint mhór a tharla ar an Chraoslach seachtain ó shin, fuair muid scéala mall aréir go bhfuair duine de laochra móra ceoil an chontae, is é sin, Noel Uasal Ó Dúgáin, bás. Duine de bhunaitheoirí Chlannad, agus tá sé anois lena dheartháir, Pádraig, a fuair bás cúpla bliain ó shin. Agus ba mhaith liom mo chomhbhrón cumainn a chur in iúl do Chlann Uí Dhúgáin agus do Chlann Uí Bhraonáin. Go ndéana Dia grásta ar a anam uasal.

### Áine Ní Ghallchóir

Go luí an chréafóg go héadrom ar a chorp uasal.

### Siún Nic Gearailt

Beannacht Dé lena anam.

---

<sup>1</sup> Canúint Uladh atá ag na cainteoirí seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.

<sup>2</sup> cluineadh = leagan canúnach de ‘chualathas’

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

---

### A: MACHNAMH

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ina suí le chéile chun na ceisteanna a phlé le chéile. Léigh trí na ceisteanna le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud. Pléigh na tuairimí a bhí ag na foghlaimeoirí ar fad faoi chúrsaí ceoil. Bheadh sé go deas dá mbeadh amhrán nó dhó de chuid Chlannad á seinm agat fad is atá na foghlaimeoirí ag caint.

### B: FOCLÓIR

(tar) chun solais – emerge  
bunaitheoir – founder  
den chéad scoth – top-class  
giotáraí – guitarist  
clú agus cáil – fame  
cairteacha – charts  
cailliúint – loss  
comhbhrón – condolence  
anam – soul  
créafóg – soil

- **Giotáraí den chéad scoth** a bhí i Noel Ó Dúgáin.
- Ba mhaith liom **comhbhrón** a dhéanamh le Clann Uí Dhúgáin.
- Tháinig sé **chun solais** go bhfuair duine den ghrúpa Clannad bás.
- Tá an **chréafóg** i lár agus in oirthear na tíre an-torthúil.
- Is mór an **cailliúint** é bás Noel Uí Dhúgáin.
- Go ndéana Dia grásta ar a **anam** uasal.
- Ba dhuine de **bhunaitheoirí** an ghrúpa Clannad é.
- Thuill Clannad **clú agus cáil** ar fud an domhain.
- Bhí siad i **gcairteacha** na Breataine sa bhliain 1982.

### C: TUISCINT

Féach an script.

### D: FEASACHT TEANGA

#### 1: Cruinneas gramadaí (an aimsir chaite)

Bhí: An raibh...? Bhí. Ní raibh.  
Fuair: An bhfuair...? Fuair. Ní bhfuair.  
Dúirt: An ndúirt...? Dúirt. Ní dúirt.  
Thuill: Ar thuill...? Thuill. Níor thuill.

#### 2: Cruinneas gramadaí (na briathra)

brón: brónach  
cáil: cáiliúil  
tragóid: tragóideach  
ceol: ceolmhar

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Tabhair cúpla nóiméad do na foghlaimoirí a gcuid smaointe a chur i gceann a chéile leo féin ar dtús. Tabhair deis dóibh ansin cur síos a dhéanamh dá chéile ar a gcairde is fearr. Léigh trí na ceisteanna agus trí na haidiachtaí atá sa bhosca in éineacht leo le bheith cinnte go dtuigeann siad iad ar fad. Bí ag éisteacht leis an gcomhrá agus ag cuidiú leo más gá.

### 2: Scríobh

Abair leo ansin óráid bheag bhídeach a scríobh do bhreithlá a gcarad. Is féidir leo an sampla bunúsach a úsáid mar threoir.



Lárionad na Gaeilge  
Taighde, Teagasc & Tástáil

## Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilge & Gaelscolaíochta



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeilge, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

